2024/3177

16.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3177 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2024

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 8a(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(2) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa Bhealarúis, ba cheart 26 dhuine nádúrtha agus 2 dhuine dhlítheanacha a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo í.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) IO L 134, 20.5.2006, lch. 1.

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) cuirtear na daoine nádúrtha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i roinn ‘A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)’:

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘262.	Vitali Viktaravich SINILA Vitaliy Viktorovich SINILO	Віталій Віктаравіч СІНІЛА Виталий Викторович СИНИЛО	Breitheamh agus cathaoirleach chúirt dúiche Mostovsky i réigiún Grodno Dáta breithe: 15.5.1976 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3161180C038PB1	Is breitheamh Bealarúiseach é Vitaliy Sinila agus tá sé ina chathaoirleach ar chúirt dúiche Mostovsky i réigiún Grodno. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap é. Chuir sé pianbhreitheanna ar roinnt saoránach de chuid na Bealarúise a chuir tuairimí i gcoinne an Uachtaráin agus údaráis an réimis in iúl, e.g. Viktor Tsarikevich agus Sergei Burak mar gheall ar an easaontas a chuir siad in iúl ar na meáin shóisialta agus as líne. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	16.12.2024
263.	Iryna Vasieuna PRADUN Irina Vasilevna PRADUN	Ірына Васільеўна ПРАДУН Ирина Васильевна ПРАДУН	Breitheamh agus cathaoirleach chúirt dúiche Rogachev i réigiún Gomel Dáta breithe: 21.5.1974 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann Aitheantas pearsanta: 4210574H035PB4	Is breitheamh Bealarúiseach í Iryna Pradun agus tá sí ina cathaoirleach ar chúirt dúiche Rogachev i réigiún Gomel. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap í. Chuir sí pianbhreitheanna ar líon mór saoránach Bealarúiseach a chuir a dtuairimí in aghaidh an Uachtaráin in iúl. Chuir sí pianbhreitheanna freisin ar roinnt daoine aonair as a rannpháirtíocht líomhnaithe in agóidí agus as cur i gcoinne bhrúidiúlacht údaráis forfheidhmithe dlí na Bealarúise, e.g., sa chás i gcoinne Evgeny Kokhanovsky, ar cuireadh iallach air, de réir chosantóirí chearta an duine, pléadáil ciontach as páirt a ghlacadh in agóidí. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
264.	Vadzim Ivanavich MAZOL Vadim Ivanovich MOZOL	Вадзім Іванавіч МАЗОЛЬ Вадим Иванович МОЗОЛЬ	Breitheamh i gChúirt Dúiche Pruzhany de Réigiún Brest Dáta breithe: 13.4.1974 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3130474C031PB6	Is breitheamh Bealarúiseach é Vadzim Mazol i gCúirt Dúiche Zhlobinsky i Réigiún Brest. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap é. Chuir sé pianbhreitheanna ar líon mór saoránach de chuid na Bealarúise a chuir a dtuairimí i gcoinne an Uachtaráin agus údaráis forfheidhmithe dlí an réimis in iúl, lena n-áirítear ar na meáin shóisialta. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024
265.	Nina Uladzimirauna SHASTAK Nina Vladimirovna SHESTAK	Ніна Уладзіміраўна ШАСТАК Нина Владимировна ШЕСТАК	Breitheamh i gCúirt Réigiúnach Brest Dáta breithe: 1.5.1958 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann Aitheantas pearsanta: 4010558C080PB9	Is breitheamh Bealarúiseach í Nina Szastak de chuid Chúirt Réigiúnach Brest. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap í. Chuir sí pianbhreitheanna ar roinnt saoránach de chuid na Bealarúise a chuir a dtuairimí i gcoinne údaráis réimeas na Bealarúise in iúl. Bhreithnigh sí achomhairc chomh maith in aghaidh pianbhreitheanna a cuireadh ar léirsitheoirí síochánta, agus sheas sí leis na bpianbhreitheanna sin. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024
266.	Vera Viacheslavauna FILONIK Vera Vyacheslavovna FILONIK	Вера Вячаславаўна ФІЛОНІК Вера Вячеславовна ФИЛОНИК	Breitheamh i gCúirt Réigiúnach Brest Dáta breithe: 8.3.1990 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann Aitheantas pearsanta: 4080390K014PB5	Is breitheamh Bealarúiseach í Vera Filonik i gCúirt Réigiúnach Brest. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap í. Chuir sí pianbhreitheanna ar líon mór saoránach de chuid na Bealarúise ar cuireadh ina leith gur ghlac siad páirt sna hagóidí i gcoinne réimeas na Bealarúise i mí Lúnasa 2020. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
267.	Iryna Leanidauna MAIKO Irina Leonidovna MAIKO	Ірына Леанідаўна МАЙКО Ирина Леонидовна МАЙКО	Breitheamh i gCúirt Réigiúnach Mhionsc Dáta breithe: 25.11.1974 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann Aitheantas pearsanta: 4251174A007PB7	Is breitheamh Bealarúiseach i gCúirt Réigiúnach Mhionsc í Iryna Maiko. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap í. Chuir sí pianbhreitheanna ar shaoránaigh a chuir a dtuairimí i gcoinne an Uachtaráin agus údaráis an réimis in iúl, e.g., Roman Yankouski agus Mikhail Nemtsov as an easaontas a chuir siad in iúl ar na meáin shóisialta agus as líne. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024
268.	Vasili Vasilievich BIAGUN Vasily Vasilyevich BEGUN	Васілій Васільевіч БЯГУН Василий Васильевич БЕГУН	Breitheamh i gCúirt Réigiúnach Gomel Dáta breithe: 9.12.1960 Áit bhreithe: Kondopoga, Poblacht Karelia, an Rúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Bealarúiseach é Vasily Biagun atá ag feidhmiú i gCúirt Réigiúnach Gomel ó 2003. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap é. Thug Biagun go leor breitheanna i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise, lena n-áirítear pianbhreitheanna ar dhaoine aonair mar gheall ar a ngníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta. Chuir sé pianbhreitheanna príosúnachta ar chúiseanna polaitiúla chomh maith ar Nikita Slepenka (3 bliana) agus Pavel Bobchenko (2 bhliain). Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024
269.	Yauheni Anatolevich BREGAN Evgeni Anatolevich BREGAN	Яўгеній Анатольевіч БРЭГАН Евгений Анатольевич БРЕГАН	Breitheamh i gCúirt Réigiúnach Brest Dáta breithe: 26.3.1982 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3260382K020PB0	Is breitheamh Bealarúiseach i gCúirt Réigiúnach Brest é Yauheni Bregan. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap é. Bhí sé ina bhreitheamh roimhe sin i gCúirt Dúiche Moskovsky in Brest agus ina bhreitheamh i gcathair Baranovichi i réigiún Brest. Chuir sé pianbhreitheanna ar líon mór saoránach de chuid na Bealarúise ar cuireadh ina leith, i measc nithe eile, gur ghlac siad páirt sna hagóidí i gcoinne réimeas na Bealarúise i mí Lúnasa 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
270.	Aliaksandr Mikalaevich MOKHORAU Alexander Nikolaevich MOKHOREV	Аляксандр Мікалаевіч МОХОРАЎ Александр Николаевич МОХОРЕВ	Breitheamh i gCúirt Dúiche Shóivéadach Chathair Gomel Dáta breithe: 16.4.1986 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3160486H031PB9	Is breitheamh Bealarúiseach é Aliaksandr Mokhorau atá ag feidhmiú i gCúirt Dúiche Shóivéadach Chathair Gomel ó 2021. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap é. Chuir sé pianbhreitheanna ar shaoránaigh Bhealarúiseacha a chuir a dtuairimí in aghaidh an Uachtaráin, an réimis agus bhrúidiúlacht struchtúir forfheidhmithe dlí na Bealarúise in iúl. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024
271.	Alesya Uladzimiravna OSIPAVA Olesya Vladimirovna OSIPOVA	Алеся Уладзіміраўна ОСІПАВА Олеся Владимировна ОСИПОВА	Breitheamh i gCúirt Dúiche Lárnach Chathair Gomel Dáta breithe: 4.9.1979 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: baineann Aitheantas pearsanta: 4040979H059PB4	Is breitheamh í Alesya Osipava atá ag feidhmiú i gCúirt Dúiche Lárnach Chathair Gomel ó 2019. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap í. Chuir sí pianbhreitheanna ar shaoránaigh Bhealarúiseacha a chuir a dtuairimí in aghaidh an Uachtaráin, an réimis agus bhrúidiúlacht struchtúir forfheidhmithe dlí na Bealarúise in iúl. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024
272.	Viktar Viktaravich NOVIK Viktor Viktorovich NOVIK	Віктар Віктаравіч НОВІК Виктор Викторович НОВИК	Breitheamh, Uachtarán na Cúirte, Dúiche Zhabinka Dáta breithe: 27.5.1963 Áit bhreithe: Beloye, Dúiche Mamlyutsky, réigiún na Casacstáine Thuaidh, an Chasacstáin Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3270563K025PB7	Is breitheamh Bealarúiseach é Viktar Novik atá ag feidhmiú i gCúirt Dúiche Zhabinka ó 2017. Is é Aliaksandr Lukashenka a cheap é. Thug Novik go leor breitheanna i gcoinne lucht freasúra údaráis na Bealarúise. Chuir sé pianbhreitheanna príosúnachta ar chúiseanna polaitiúla ar Vitali Ivanyukovich (2 bhliain), Natalia Letsko (bliain amháin), Andrei Vlasov agus Yulia Suvalko (3 bliana) agus Valentin Shumik (2 bhliain). Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
273.	Vadzim Rastivlavovich MURASHKA Vadim Rostslavovich MURASHKO	Вадзім Расціслававіч МУРАШКА Вадим Ростиславович МУРАШКО	Ceann na hinstitiúide ceartúcháin darb ainm “Penal Colony No. 13” [Coilíneacht phionósach Uimhir 13]; Dáta breithe: 20.6.1979 Áit bhreithe: Bortniki, Dúiche Hlybokaye, Réigiún Vitebsk, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3200679E065PB6	Is náisiúnach de chuid na Bealarúise é Vadzim Murashka agus is é Ceann na hinstitiúide ceartúcháin darb ainm “Penal Colony No. 13”, príosún ardslándála ina gcoinnítear roinnt príosúnaigh pholaitiúla, lena n-áirítear Nikolai Statkevich, Vitaly Melnik agus Sergei Vereshkhagin. Bíonn príosúnaigh Choilíneacht Uimh. 13 thíos le dálaí mídhaonna agus déantar mí-úsáid orthu. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024
274.	Siarhei Uladzimiravich BIAREISHYK Sergey Vladimirovich BEREISHIK	Сяргей Уладзіміравіч БЯРЭЙШЫК Сергей Владимирович БЕРЕЙШИК	Leas-cheann ar Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 1 “Voldarka” Dáta breithe: 31.10.1976 Áit bhreithe: Mionsc, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3311076A076PB6	Is é Siarhei Biareishyk leas-cheann Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 1 “Voldarka”. Agus an cúram sin air, tá sé freagrach as caitheamh go mídhaonna leis na príosúnaigh, lena n-áirítear bascadh, plódú agus easpa cóireála leighis agus trealaimh sláintíochta iomchuí. Is príosúnaigh pholaitiúla iad formhór na bpríosúnach, mar shampla, gníomhaí ar son chearta an duine, bunaitheoir chomhlachas chearta an duine na Bealarúise Viasna agus Buaiteoir Dhuais Nobel na Síochána in 2022 Ales Bialiatski, a coinníodh in “Voldarka” go dtí mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá Siarhei Biareishyk freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
275.	Mikalai Mikalaevich MUSHKAROU Nikolai Nikolaevich MUSHKAROV	Мікалай Мікалаевіч МУШКАРОЎ Николай Николаевич МУШКАРОВ	Leas-cheann na seirbhíse saothair in Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 1 “Voldarka” Dáta breithe: 19.12.1980 Áit bhreithe: Mionsc, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3191280A031PB0	Is é Mikalai Mushkarou leas-cheann na seirbhíse saothair in Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 1 “Voldarka”. Agus an cúram sin air, tá sé freagrach as caitheamh go mídhaonna leis na príosúnaigh, ar príosúnaigh pholaitiúla iad ar an mórchuid, lena n-áirítear trí bhascadh, plódú agus easpa cóireáil leighis agus trealamh sláintíochta iomchuí. Is príosúnaigh pholaitiúla iad formhór na bpríosúnach, mar shampla, an gníomhaí ar son chearta an duine, bunaitheoir chomhlachas chearta an duine na Bealarúise Viasna agus Buaiteoir Dhuais Nobel na Síochána in 2022, Ales Bialiatski, a coinníodh in “Voldarka” go dtí mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá Mikalai Mueshkarou freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024
276.	Siarhei Mikalaevich PETRAKOVICH Sergey Nikolaevich PETRAKOVICH	Сяргей Мікалаевіч ПЕТРАКОВІЧ Сергей Николаевич ПЕТРАКОВИЧ	Ceann na hinstitiúide ceartúcháin “Penal Colony No. 9” [Coilíneacht phionósach Uimhir 9] Dáta breithe: 26.10.1976 Áit bhreithe: Stan, Dúiche Gorki, Réigiún Mogilev, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3261076M062PB5	Is é Siarhei Petrakovich ceann “Penal Colony No. 9”. Agus an cúram sin air, tá sé freagrach as caitheamh go mídhaonna le príosúnaigh, lena n-áirítear iad a leithlisiú agus a léasadh. Is príosúnaigh pholaitiúla iad formhór na bpríosúnach, mar shampla, Mikola Dedok agus buaiteoir Dhuais Síochána Nobel in 2022, Ales Bialiatski. Tá Siarhei Petrakovich freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
277.	Viktar Piatrovich LUTTSAU Viktor Petrovich LUTSEV	Віктар Пятровіч ЛУТЦАЎ Виктор Петрович ЛУТЦЕВ	Ceann an aonaid leighis, Príosún Uimh. 1 in Grodno Dáta breithe: 24.12.1985 Áit bhreithe: Grodno, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3241285K026PB1	Is é Viktar Luttsau ceann an aonaid leighis i bPríosún Uimh. 1 in Grodno. Agus an cúram sin air, tá sé freagrach as caitheamh go mídhaonna leis na príosúnaigh, agus as easpa cúnamh leighis iomchuí tráthúil. Mar thoradh ar an easpa cóireáil leighis cuí, fuair an príosúnach polaitiúil Ales Pushkin bás, toisc nár soláthraíodh cúnamh leighis tráthúil dó. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	16.12.2024
278.	Ihar Tsimafeevich SUBOTSIN Igor Timofeyevich SUBBOTIN	Ігар Цімафеевіч СУБОЦІН Игорь Тимофеевич СУББОТИН	Fear gnó Dáta breithe: 15.10.1951 Áit bhreithe: An Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Aitheantas pearsanta: 3151051A006PB8	Is dlúth-chomhpháirtí fadtéarmach gnó de chuid Ihar Subotsin é Ihar Subotsin. Tá Igor Subbotin ag obair le Alexander Shakutin ó thús na 1990idí agus bhí sé ina chúntóir aige freisin nuair a bhí Alexander Shakutin ina chomhalta de Chomhairle Phoblacht Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bealarúise agus ina ionadaí aige le Cónaidhm Leadóige na Bealarúise. Is scairshealbhóirí iad Alexander Shakutin agus Ihar Subotsin araon de chuid na gcuideachtaí seo a leanas: SIA Anulatrans (an Laitvia), SV Maschinen GmbH (an Ghearmáin), PMI Engineering LLC (an Bhealarúis), SALEO LLC (an Bhealarúis), UAB EM System (an Liotuáin). Is comhbhunaitheoirí agus comhúinéirí Prommedinvest iad, cuideachta ar a dtugtar SALEO LLC (an Bhealarúis) anois. Tá an chuideachta sin faoi pháirtúinéireacht freisin ag EM System, PMI Engineering, agus SV Maschinen GmbH, ar scairshealbhóirí dá gcuid iad Shakutin agus Subotsin araon. Dá bhrí sin, tá baint ag Ihar Subotsin le Alexander Shakutin.	16.12.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3177/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
279.	Aliaksei Ivanovich SHVAKAU Alexey Ivanovich SHVAKOV	Аляксей Іванавіч ШВАКОЎ Алексей Иванович ШВАКОВ	Cathaoirleach ar Chomhlachas Bharra Poblachtach na Bealarúise (ón 14 Feabhra 2022); iarchathaoirleach ar Chomhlachas Bharra Cathrach Mhionsc (an 26 Aibreán 2012 – an 20 Feabhra 2022) Dáta breithe: 5.10.1964 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: 3051064A050PB	Agus é ina Chathaoirleach ar Chomhlachas Bharra Poblachtach na Bealarúise, tá stiúradh agus múnlú á dhéanamh ag Aliaksei Shvakau ar bheartas Chomhlachas Bharra Poblachtach na Bealarúise maidir le cos ar bolg sistéamach a imirt ar dhlíodóirí a dhéanann ionadaíocht ar chliaint i gcásanna a bhfuil údar polaitiúil leo, nó a labhraíonn amach i gcoinne mhí-úsáidí réimeas Lukashenko. Sa ról a bhí aige roimhe seo mar chathaoirleach ar Chomhlachas Bharra Cathrach Mhionsc, dhírigh sé freisin ar dhlíodóirí a dhéanann ionadaíocht ar chliaint i gcásanna a bhfuil údar polaitiúil leo. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den smacht reachta sa Bhealarúis.	16.12.2024
280.	Aleh Genadzevich ARLOU Oleg Gennadievich ORLOV	Алег Генадзевіч АРЛОЎ Олег Геннадьевич ОРЛОВ	Dáta breithe: 18.7.1969 Áit bhreithe: An Asarbaiseáin Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: MP3428828	Is pearsa gnó é Aleh Arlou atá ag feidhmiú sa Bhealarúis. Is é Ha úinéir Ruzekspeditsiya LLC ó bhí an 7 Lúnasa 2023 ann. Ó 2019 i leith, tá cuideachta Aleh Arlou ag déanamh a gnó ó Chrios Eacnamaíoch Speisialta Bremino-Orsha, a bunaíodh le foraithne uachtaránachta Aliaksandr Lukashenka, atá á bhainistiú ag Bremino Group LLC. Baineann cuideachtaí atá bunaithe i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Bremino-Orsha leas as buntáistí cánach agus buntáistí airgeadais eile. Tá sé chuideachta bunaithe i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Bremino-Orsha agus dá bhrí sin ní thairbhíonn ach na sé chuideachta dó, lena n-áirítear Bremino Group LLC. Is é Bremino Group LLC amháin, ina cháil mar chuideachta bhainistíochta an Cheasa Eacnamaíoch Speisialta atá freagrach as an gcinneadh maidir le cé a cheadaítear leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le Crios Eacnamaíoch Speisialta Bremin-Orsha trí bheith ina chónaí ann. De réir imscrúduithe iriseoirí, tá Ruzekspeditsiya páirteach i scéim imghabhála smachtbhannaí a bhaineann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle. Dá bhrí sin, tá baint ag Arlou le daoine agus eintitis eile a liostaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, amhail Ruzekspeditsiya LLC agus Bremino Group. Toisc gurb é úinéir na cuideachta, baineann sé tairbhe freisin as na buntáistí arna ndeonú ag an réimeas do Ruzekspeditsiya LLC. Glacann sé páirt freisin i scéim a ceapadh chun Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle a chur ó rath.	16.12.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
281.	Andrei Aliakseevich RYBAKOU Andrei Alekseevich RYBAKOV	Андрэй Аляксеевіч РЫБАКОЎ Андрей Алексеевич РЫБАКОВ	Ard-Stiúrthóir OAO Belaruskali Iar-Chathaoirleach ar Ghnóthas Stáit na Bealarúise maidir le hOla agus Ceimic (Belneftekhim) Dáta breithe: 11.7.1976 Áit bhreithe: Mohiliow (Mogilev), an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: Fireann	Is é Andrei Rybakou Ard-Stiúrthóir OAO Belaruskali. Is é Aliaksandr Lukahsenka a cheap é an 4 Samhain 2024, i gcomharbas ar Ivan Golovaty. Chuir Lukashenka síos ar Belaruskali mar “fhiontar ríthábhachtach foirmithe stáit”. Roimhe seo, bhí Rybakou ina Chathaoirleach ar Gnóthas Stáit na Bealarúise maidir le hOla agus Ceimic (Belneftekhim), atá faoi smachtbhannaí ag an Aontas ón 3 Lúnasa 2023. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as aschur scaglanna ola na Bealarúise, oibríocht ríthábhachtach do réimeas Lukashenka. Dúirt Dmitri Krutoi, Ceann Riarachán Uachtarán na Bealarúise, gur ceapadh Rybakou go sonrach dá “thaithí shonrach” agus é ag reáchtáil an eintitis “is mó a bhfuil smachtbhannaí air” – Belneftekhim. Dá bhrí sin, tá Andrei Rybakou ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis trí chuideachtaí faoi úinéireacht stáit a bhainistiú a bhfuil tábhacht mhór leo don réimeas. Tá sé comhlachaithe freisin le heintiteas ar forchuireadh smachtbhannaí air, i.e. OAO Belaruskali, mar Ard-Stiúrthóir air.	16.12.2024
282.	Aleh Fyedaravych BARABANAU Oleg Fedorovich BARABANOV	Алег Федаровіч БАРАБАНАЎ Олег Федорович БАРАБАНОВ	Dáta breithe: 29.8.1956 Áit bhreithe: Réigiún Grodno, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: KH2539329 Uimhir aitheantais náisiúnta: 3290856K010PB6	Is é Aleh Barabanau stiúrthóir agus páirtúinéir Vlate Logistik LLC, cuideachta iompair agus stórála a bhfuil stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe aige. Tríd an stádas seo, arna eisiúint ag údaráis stáit, tá buntáistí cánach suntasacha aige. Trí na pribhléidí a bronnadh ar an gcuideachta, baineann Barabanau tairbhe as réimeas Lukashenka	16.12.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
283.	Aleh Ramualdavych HERASIM Oleg Romualdovich GERASIM	Алег Рамуальдавіч ГЕРАСІМ Олег Ромуальдович ГЕРАСИМ	Dáta breithe: 3.3.1962 Áit bhreithe: an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: MP3293367 Cárta aitheantais náisiúnta: 3030362A074PB6	Is páirtúinéir é Aleh Herasim ar Vlate Logistik LLC, cuideachta iompair agus stórála a bhfuil stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe aici. Tríd an stádas seo, arna eisiúint ag údaráis stáit, tá buntáistí cánach suntasacha aige. Trí na pribhléidí a bronnadh ar an gcuideachta, baineann Herasim tairbhe as réimeas Lukashenka	16.12.2024
284.	Aleh Uladzimiravych PIATROU Oleg Vladimirovich PETROV	Алег Уладзіміравіч ПЯТРОЎ Олег Владимирович ПЕТРОВ	Dáta breithe: 26.3.1962 Áit bhreithe: an Rúis Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: OI110473	Is páirtúinéir é Aleh Piatrou ar Vlate Logistik LLC, cuideachta iompair agus stórála a bhfuil stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe aici. Tríd an stádas seo, arna eisiúint ag údaráis stáit, tá buntáistí cánach suntasacha aige. Trí na pribhléidí a bronnadh ar an gcuideachta, baineann Piatrou tairbhe as réimeas Lukashenka.	16.12.2024
285.	Andrei Ryhoravich SVIRYDAU Andrei Grigoryevich SVIRIDOV	Андрэй Рыгоравіч СВІРЫДАЎ Андрей Григорьевич СВИРИДОВ	Páirtúinéir Vlate LLC Dáta breithe: 24.11.1983 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Pas Bealarúiseach uimh. BM2229283 Uimhir aitheantais na Bealarúise 3070574E057PB8	Is é Andrei Svirydau stiúrthóir airgeadais Dimicandum Invest Holding LTD, cuideachta atá bunaithe san Aontas. In 2022 agus 2023, chuir Dimicandum Invest Holding LTD seirbhísí iompair agus seolta ar fáil do OJSC Belaruskali — atá ainmnithe ag an Aontas ó 2022 — ar phraghas atá beagnach dhá oiread ráta an mhargaidh. Mar stiúrthóir airgeadais Dimicandum, shínigh Svirydau doiciméid lena ndeimhnítear an comhaontú sin, rud a d'éascaigh an bonn a bhaint de na forálacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle. Dá bhrí sin, trí chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do OJSC Belaruskali nó chun tairbhe OJSC Belaruskali, chuir Andrei Svirydau bac suntasach ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle. Thairis sin, tá Andrei Svirydau ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis trí onnmhairiú leasachán potaise Belaruskali a éascú.	16.12.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
286.	Dzmitry Mihaylavych ZAMULEVICH Dmitriy Mikhailovich ZAMULEVICH	Дзмітрый Міхайлавіч ЗАМУЛЕВІЧ Дмитрий Михайлович ЗАМУЛЕВИЧ	Páirtúinéir Vlate Logistik LLC Dáta breithe: 7.5.1974 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Pas Bealarúiseach uimh. BM2229283 Uimhir aitheantais na Bealarúise: 070574E057PB8	Tá Dzmitry Zamulevich ina pháirtúinéir ar Vlate Logistik LLC, cuideachta iompair agus stórála a bhfuil stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe aici. Tríd an stádas seo, arna eisiúint ag údaráis stáit, tá buntáistí cánach suntasacha aici. Trí úinéireacht Vlate Logistik LLC, tá baint ag Arkadzyeu le heintiteas a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka.	16.12.2024
287.	Uladzimir Mihaylavych ARKADZYEU Vladimir Mikhailovich ARKADIEV	Уладзімір Міхайлавіч АРКАДЗЬЕЎ Владимир Михайлович АРКАДЬЕВ	Páirtúinéir Vlate Logistik LLC Dáta breithe: 23.4.1965 Ait bhreithe: An Rúis Náisiúntacht: Rúiseach agus Bealarúiseach Inscne: fireann Pas Bealarúiseach uimh. KH2757270 Uimhir aitheantais na Bealarúise: 3230465K000PB5 Pas Rúiseach uimhir: KH1935655	Tá Uladzimir Arkadzyeu ina pháirtúinéir ar Vlate Logistik LLC, cuideachta iompair agus stórála a bhfuil stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe aici. Tríd an stádas seo, arna eisiúint ag údaráis stáit, tá buntáistí cánach suntasacha aici. Trí úinéireacht Vlate Logistik LLC, tá baint ag Arkadzyeu le heintiteas a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka.	16.12.2024’.

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i roinn ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)’:

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘39.	Ruzekspeditsiya LLC RUZSPEDITION LLC OOO RUDENSKI UDOBRENCHESKI ZAVOD OBSHCHESTVO S OGRANICHENNOI OTVETSTVENNOSTYU RUZEKSPEDITSIYA	ТАА “Рузэкспедыцыя” ООО “Рузэкспедиция”	Seoladh: 1K Zavodzkaya St., room 36 Bolbasovo 211004 Belarus; 40 Nemiga St., room 304 Minsk 220004 Belarus Dáta clárúcháin: 6.1.2016 Cláruimhir: 690664113 Seoladh ríomhphost: info@ruz.by Teil.: +375296615929 +375172006232 Suíomh ghréasáin: https://ruz.by/	Is é Ruzekspeditsiya LLC a sheolann a ghnó ó Chrios Eacnamaíoch Speisialta Bhremino-Orsha, arna bhunú le foraithne uachtaránachta Aliaksandr Lukashenka, atá á bhainistiú ag Bremino Group LLC. Liostaíodh Bremino Group LLC in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle. Baineann Cuideachtaí atá bunaithe i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Bremino-Orsha brabús as cáin agus buntáistí airgeadais eile. Tá sé chuideachta bunaithe i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Bremino-Orsha agus dá bhrí sin ní thairbhíonn ach na sé chuideachta dó, lena n-áirítear Bremino Group LLC. Is é Bremino Group LLC amháin, ina cháil mar chuideachta bhainistíochta an Cheasa Eacnamaíoch Speisialta atá freagrach as an gcinneadh maidir le cé a cheadaítear leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le Crios Eacnamaíoch Speisialta Bremin-Orsha trí bheith ina chónaí ann. Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, tá baint ag Ruzekspeditsiya le Bremino Group LLC. Mar chuideachta a bunaíodh i gCrios Eacnamaíoch Speisialta Bremino-Orsha, baineann sé tairbhe as an réimeas. Éascaíonn Ruzekspeditsiya freisin sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle trí pháirt a ghlacadh i seachadadh gluaisteán a bhfuil toirmeasc orthu a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ón Aontas go dtí an Bhealarúis.	16.12.2024
40.	Vlate Logistik LLC	ТАА “ВЛАТЭ Лагістык” ООО “ВЛАТЕ Логистик”	Seoladh: 48 Komarova St., Pogranichny, 231773, Belarus Dáta clárúcháin: 16.4.2013 Cláruimhir: 192003422	Is cuideachta Bhealarúiseach é Vlate Logistik LLC a bhfuil dhá sheicphointe teorann aici ar theorainn idir an tAontas agus an Bhealarúis. Ón 10 Lúnasa 2023, ba scairshealbhóirí comhionanna Vlate Logistic LLC iad Aleh Herasim, Aleh Piatrou, Iryna Kalesnikava, Aleh Barabanau, Dzmitry Zamulevich, agus Uladzimir Arkadzyeu. Baineann Vlate Logistik LLC tairbhe as an gcóras trí stádas “oibreora eacnamaíoch údaraithe” a bheith aige, rud a cheadaíonn díolúintí cánach suntasacha agus a eisíonn údaráis stáit.	16.12.2024’.